

Gan amhras, tá difir mhór idir inné agus inniu. Is iomaí athrú atá tagtha ar an saol faoi láthair - athrú dochreidte leis an fhírinne a rá. Chuir teideal na haiste seo ag smaoineamh mé faoi bhuntaistí agus míbhuntaistí na teicneolaíochta sa lá atá inniu ann.

Tá ábhar machnaimh ann.

Le bru cnaipe, is féidir labhairt le duine éigin ar an taobh eile den domhan. Is féidir eolas a fháil ar aon rud láithreach. Is féidir teachtaireacht a chur chuig duine le pictiúr nó fíis. Tá tionchar na teicneolaíochta ar shaoil dhaoine i bhfad níos forleithne ná riamh. Is iomaí gearán a dhéantar faoi dhaoine óga ag caitheamh barraíocht ama ar líne, ach cuidíonn an nua-theicneolaíocht cuid mhór le hobair bhaile agus le staidéar de gach cineál.

Caithfidh mé a admháil, áfach, go bhfuil míbhuntaistí ag baint leis an nua-theicneolaíocht freisin. Ar an drochuair, tá an cíbearbhulaíocht

i bhfad níos forleithne ná riamh. Tá an fhadhb uafásach seo ag dul ó smacht. Tarlaíonn bulaíocht ar mheáin shóisialta cosúil le Facebook, Twitter agus Snapchat. Is féidir muinín dhuine a scriosadh gan trioblóid ar bith.

Achan lá, cloisimid scéalta faoi chumhacht na nua-theicneolaíochta agus an damáiste a dhéanann sé dona híobartaigh. Ba chóir don rialtas polasaí frith-bhulaíochta a chur i bhfeidhm chun dul i ngleic leis an fhadhb. Ba chóir dona scoileanna rud éigin a dhéanamh chun cuidiú le daltaí atá in umar ha haimléise. Má chaitheann duine óg barraíocht ama ar an ghúthán nó ar an ríomhaire glúine, déanfaidh sé dochar dá shláinte. Ní rachaidh siad amuigh faoin aer agus ní ghlacfaidh siad páirt i spórt nó in aclaíocht.

Ó mo thaithí féin, is rud iontach é an t-idirlíon má úsáidtear é i gceart. Ach is dearcadh caol-aigeanta é an locht a chur ar dhaoine óga an t-am ar fad. Féach ar an mhéid

péidifilí atá ar líne fosta. Úsáideann siad seomraí cainte ar líne chun páistí soineanta a mhealladh. Cuireann sé alltacht orm.

Is léir ón mhéid atá ráite agam nach féidir éalú ón nua-theicneolaíocht. Ach i ndeireadh na dála, is rud dearfach é agus tá níos mó buntaistí ná míbhuntaistí. Ach cad é réiteach na faidhbe? Bhuel, bheadh gaois Sholaimh de dhíth... Caithfidh an rialtas polasaí nua a chur i bhfeidhm chun an tsochaí a chosaint. B'fhéidir go dtiocfaidh feabhas ar an scéal má oibrímid le chéile.

Mar a deir an seanfhocail: "Ní neart go cur le chéile!"